

(TÉACS AN FHÓGRA ATÁ LE CUR ISTEACH I NUACHTÁIN)

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - An Roinn Seirbhísí Tithíochta agus Pobail.

Suíomh: Cúirt San Aindrias, Sráid na bhFíiníní, Baile Átha Cliath 2.

Togra: De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo maidir suíomh Chúirt San Aindrias a scartáil agus a fhorbairt ag crosbhealach Shráid na bhFíiníní, agus Shráid Sandwith, i mBaile Átha Cliath 2.

Cuimsítear leis an suíomh reatha atá ar 0.12 heicteár: 1 bhloc tithíochta trí stór ina bhfuil 14 teach, 2 sheid pram sheachtracha agus limistéar páirceála gaolmhar.

Cuimsítear an méid seo a leanas leis an bhforbairt bheartaithe, a ndéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bainistiú uirthi;

- Na bhfoirgnimh atá ann anois a leagan.
- Bloic árasán nua a thógáil.
- 33 teach a sholáthar (12 teach a bhfuil leaba amháin iontu, 16 teach a bhfuil dhá leaba iontu, 5 teach a bhfuil trí leaba iontu).
- Clós comhroinnte tírdhreachaithe a sholáthar
- Arda tógála idir 1 go 7 stór.
- Spásanna oscailte comhroinnte agus príobháideacha a sholáthar, chomh maith le struchtúir choimhdeacha agus oibríochtaí infreastruchtúir / infreastruchtúr tacaíochta, tírdhreachú, athbhreithniú ar rochtain, cosáin, láimhseáil na dteorainneacha agus na hoibreacha cuí eile, rud a chumasaíonn oibreacha, bóithre agus seirbhísí.
- Fostáisiún BSL nua a thógáil.

Féadfar na Pleananna agus na Sonraí i dtaobh na forbartha beartaithe a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 06/11/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: <https://consultation.dublincity.ie> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, tá sé socraithe ag an Údarás Áitiúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá molta ar an gcomhshaol, agus mar sin, níl gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, **roimh 4.30i.n. ar an 18/12/2024.**

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne freisin ar Citizen Space - <https://consultation.dublincity.ie/> - roimh 23.59i.n. ar an **18/12/2024.**